

# Speisialtóir anailísíochta agus pleanála daoine

## Bí linn san Fhoras Eorpach Oiliúna – Scileanna don Eoraip Dhomhanda

Tá speisialtóir anailísíochta agus pleanála daoine á lorg ag an bhForas Eorpach Oiliúna (ETF) chun an tAonad Daoine agus Tallainne a neartú. Sa ról seo, déanfaidh tú anailísíocht daoine a dhearadh agus a chur chun feidhme, straitéisí pleanála don lucht saothair a fhorbairt, agus comhpháirtíochtaí inmheánacha a thógáil chun tacú leis an gclaoclú eagraíochtúil agus leis an bhforbairt institiúideach.

 **Suíomh: Torino, an Iodáil**

 **Conradh: gníomhaire sealadach, AD 5**

 **Spríodhata: 25 Márta 2026**

 **Tagairt: ETF/REC/26/01**

### Maidir linne

---

Is é ETF gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um fhorbairt caipitil dhaonna i dtíortha comharsanachta agus i dtíortha is iarrthóirí. Tugaimid daoine, smaointe agus beartais le chéile chun deiseanna a dhéanamh de scileanna.

Ó na Balcáin go dtí an Úcráin, ón Mheánmhuir agus an tAontas Afracach, tacaímid le hathchóirithe san oideachas, san oiliúint agus san fhostaíocht atá ailínithe le tosaíochtaí an Aontais amhail Aontas na Scileanna, an Comhshocrú don Mheánmhuir, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus méadú an Aontais.

Is foireann ilchultúrtha muid atá lonnaithe in Torino a bhfuil cáil orainn as ár neamhspleáchas, ár gcomhairle fhianaisebhunaithe agus ár gcomhpháirtíochtaí iontaofa.

### Do ról

---

**Faoi threoir fhís an Aonaid um Dhaoine agus Tallann ‘Daoine ar dtús. Tallann i gcónaí.’ agus ár mana ‘Éist. Éascaigh. Brúigh an t-athrú chun cinn.’, cabhróidh do ról le ETF cinntí níos eolaí a dhéanamh maidir le daoine bunaithe ar fhianaise, ar léargas agus ar fhadhbheathnaitheacht. Cuideoidh do chuid oibre linn ár lucht saothair a thuiscint sa lá atá inniu ann, riachtanais a bheidh ann amach anseo a réamh-mheas, agus réitigh a dhearadh a chuirfidh ar chumas daoine agus tallann fás. Chuige sin, forbróidh tú anailísíocht láidir daoine, pleanáil lucht saothair, agus beidh deis agat cur le cinntí fianaisebhunaithe agus sonraíbhunaithe. Oibreoidh tú i gcomhar le roinnt páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.**

**Tá raon freagrachtaí i gceist leis an bpost, lena n-áirítear:**

- **cumas anailísíochta daoine a fhorbairt:** tuarascálacha, meadarachtaí, deiseanna agus roghbhliúirí soiléire a dhearadh agus a chur ar fáil chun tacú le cinntí eolasacha agus trédhearcacha
- **pleananna ilbhliantúla lucht saothair agus scileanna a fhorbairt:** mapáil a dhéanamh ar riachtanais chomharbais, píblínte tallainne, agus cásanna soghluaisteachta atá ailínithe le dul ar scor agus le riachtanais a bheidh ann amach anseo; aistriú agus ionduchtú rianúil eolais a áirithiú

- **deaiseanna agus roghbhluirí athfillteacha a chruthú:** e.g. am timthrialla earcaíochta, soghluaisteacht inmheánach, folláine, rannpháirtíocht – le sainmhínte soiléire agus sláinteasach sonraí
- **anailísíocht a úsáid le haghaidh gníomhaíochta:** chun scrogaill a shainathint, rioscaí a léiriú agus léargais a aistriú ina bhfeabhsuithe nithiúla
- **chun tacú le claoclú digiteach agus úsáid na hintleachta saorga:** chun próisis acmhainní daonna a bharrfheabhsú lena n-áiríthítear comhlíonadh agus trédhearcacht, slabhraí ceadaithe a ghiorrú, agus teimpléid, cinní loga a chuíchóiriú agus tionchar ama timthrialla a thomhas
- **chun tacú le huas-sciliú digiteach agus feacht fhreagrach maidir leis an intleacht shaorga:** chun dul i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe amhail foirne digiteacha, foghlama agus forbartha agus rialaithe inmheánaigh, chun líofacht dhigiteach agus feabhas leanúnach ar obair aonaid a leabú

## Critéir roghnúcháin

---

### Táimid ag lorg iarrthóirí a bhfuil:

#### Taithí ghairmiúil

- taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad (i.e. le 6 bliana anuas) ar acmhainní daonna, agus béim ar anailísíocht lucht saothair a dhearadh agus a chur ar fáil, ar éagsúlacht tuarascálacha acmhainní daonna agus ar mhianadóireacht sonraí ábhartha, pleanáil agus feabhsú próisis, ar taithí í a gnóthaíodh san earnáil phoiblí agus/nó san earnáil phríobháideach

#### Scileanna teicniúla

- Saineolas agus taithí acmhainní daonna i bhforbairt eagraíochtúil, lena n-áirítear an cumas aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar dhúshláin athraitheacha an ionaid oibre nua-aimseartha
- litearthacht dhigiteach an-mhaith, taithí ar a bheith ag obair le huirlisí amhail Microsoft 365 agus/nó Power BI
- sárscileanna anailíseacha, lena n-áirítear an cumas sonraí a bhailiú, a léamh agus a léirmhíniú
- cumas an-mhaith chun próisis a bharrfheabhsú, torthaí a chur ar fáil agus cáilíocht a chinntiú
- Béarla: leibhéal C1 i ngach gné de réir CEFRL

#### Scileanna boga

- abhcóideacht daoine chun cuimsiú, folláine, iompar measúil agus cultúr dearfach san ionad oibre a chur chun cinn
- scileanna cumarsáide soiléire, báula agus cuiditheacha
- scileanna lúfaireachta, réamhghníomhaíochta agus réamh-mheasta, le meon atá dírithe ar réitigh

#### Luachanna ETF

- Táthar ag súil go léireoidh foireann ETF cuntasacht, nuálaíocht agus cruthaitheacht, ionracas agus meas, treoshuíomh seirbhíse, agus obair foirne agus comhoibriú

#### Buanna

- oiliúint nó teastas i ndaoine nó anailísíocht sonraí; teastas nó céim ollscoile i mbainistíocht acmhainní daonna, forbairt eagraíochtúil, riarachán poiblí, nó i réimse gaolmhar

- taithí ar SQL

## D'iarratas

---

Ní mór an méid seo a leanas a bheith san áireamh le d'iarratas, i mBéarla más féidir:

- Litir chumhdaigh: leathanach amháin ar a mhéad, sábháilte mar “Sloinne Ainm CL”
- Curriculum vitae: i bhformáid Europass, agus é sábháilte faoin ainm “Sloinne Ainm CV”

**Cuir d'iarratas isteach ar shuíomh gréasáin ETF trí dhul chuig an rannán ‘Maidir linn’ agus ansin chuig rannán na bhfolúntas. Déan cinnte go gcuirfidh tú d'iarratas isteach faoin dáta deiridh, an 25 Márta 2026, ag 23.59 (am Torino).**

Cuir d'iarratas isteach go luath. Níl ETF freagrach as moilleanna teicniúla agus ní bhreithneoidh sé ach iarratais chomhlánaithe a chuirfear isteach ar líne faoin sprioc-am.

## Próiseas roghnúcháin

---

### An Bord Roghnúcháin

Is é Stiúrthóir ETF a cheapann an bord. Foilsítear comhdhéanamh an togra ar shuíomh gréasáin ETF mar aon leis an bhfógra folúntais.

Tá obair agus plé an bhoird faoi rún daingean. Tá cosc ar theagmháil le baill an bhoird agus d'fhéadfadh dícháiliú a bheith mar thoradh air.

### Cúig chéim i ndiaidh a chéile

#### Céim 1 – Scagadh na n-iarratas in aghaidh na gcritéar incháilitheachta

Chun bheith incháilithe, ní mór duit na critéir seo a leanas a chomhlíonadh faoin spriocam i leith iarratais:

- 1 Náisiúntacht: Bheith i do náisiúnach de cheann de Bhallstát an Aontais Eorpaigh.
- 2 Cearta saoránach: Cearta iomlána mar shaoránach a bheith agat
- 3 Seirbhís mhíleata: Aon riachtanais éigeantacha maidir le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat
- 4 Folláine choirp: A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh
- 5 Oideachas: Leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le staidéar ollscoile críochnaithe 3 bliana ar a laghad atá fianaithe le diplóma.  
Ní fhéadfar ach diplómaí a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin a bhreithniú.
- 6 Scileanna teanga: Eolas críochnúil (leibhéal C1 i ngach gné de réir an Chreata Chomhchoitinn Tagartha Eorpaigh le haghaidh Teangacha nó CCTE) a bheith agat ar cheann amháin de theangacha an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil (leibhéal B2 i ngach gné de réir CCTE) ar theanga eile de chuid an Aontais Eorpaigh de réir mar is gá chun na dualgais a chomhlíonadh.

Ní théann ach na hiarratais a chomhlíonann na riachtanais uile a leagtar amach faoi “D’iarratas” agus na critéir incháilitheachta ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Meastar go dtarlóidh an chéim sin i mí an Mhárta 2026.

Iarrfar doiciméid a chruthaíonn incháilitheacht ar iarrthóirí roghnaithe le go ndéanfar iad a mheas sula bhfostófar iad. Féach an mhír “D’fhostaíocht agus do shochair” le haghaidh tuilleadh eolais.

### Céim 2 – Cur na n-iarratas ar ghearrliosta: roghnú i gcomhair agallamh agus trialacha scríofa

Déanfaidh an Bord measúnú ar na hiarratais bunaithe ar na critéir roghnúcháin. Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí is oiriúnaí (thart ar 6 acu) freastal ar agallamh agus ar thrialacha scríofa. Ní rachaidh ETF i dteagmháil ach leis na hiarrthóirí a bhainfidh áit amach ar an ngearrliosta. Táthar ag súil go dtarlóidh sé sin ag deireadh mhí an Mhárta nó ag tús mhí Aibreáin 2026.

### Céim 3 – Agallaimh agus trialacha scríofa

Déanfar meastóireacht ar bhonn anaithnid ar chuid amháin de na trialacha ar a laghad. Is i mBéarla den chuid is mó a dhéanfar na hagallaimh agus na trialacha scríofa agus eagrófar iad go cianda.

Tar éis don bhord an chéim sin a chur i gcrích, déanfaidh sé moladh maidir leis an iarrthóir is oiriúnaí a cheapadh, ó thaobh taithí ghairmiúil, scileanna agus eolais, agus luachanna de. Má mheastar go bhfuil níos mó ná iarrthóir amháin oiriúnach, féadfaidh an bord liosta a mholadh.

Ní mór d’iarrthóirí oiriúnacha an méid seo a leanas a bhaint amach ar a laghad:

- 70 % de na pointí a leithdháiltear le haghaidh scileanna boga agus luachanna, agus
- 70 % de na pointí a leithdháiltear le haghaidh taithí ghairmiúil, scileanna agus eolais.

Meastar go dtarlóidh an chéim sin i mí Aibreáin 2026.

### Céim 4 – Ceapachán

Ceapfaidh Stiúrthóir ETF an t-iarrthóir is oiriúnaí bunaithe ar mholadh an bhoird.

Sula ndéanfar an ceapachán, féadfaidh an Stiúrthóir cinneadh a dhéanamh bualadh leis an iarrthóir/leis na hiarrthóirí le haghaidh agallamh gearr chun measúnú breise a dhéanamh ar a dtaithe, a scileanna agus a luachanna. Féadfaidh an Stiúrthóir an cúram sin a tharmligean freisin.

Táthar ag súil go rachaidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leo i mbun a ndualgas faoin 1 Meán Fómhair 2026.

### Céim 5 – Bunú liosta ionadaithe

Féadfaidh an Stiúrthóir cinneadh a dhéanamh freisin painéal ionadaithe a d’fhéadfadh a bheith oiriúnach a bhunú. Beidh an liosta bailí go dtí an 31 Nollaig 2027, agus d’fhéadfaí síneadh a chur leis. I gcás inar gá, féadfar an liosta ionadaithe a úsáid le haghaidh daoine a cheapadh do phoist eile a bhfuil próifíl chomhchosúil acu.

Ní hionann duine a bheith ar an liosta agus ráthaíocht go dtairgfear post dóibh.

Sula ndéanfar an ceapachán, féadfaidh an Stiúrthóir cinneadh a dhéanamh bualadh leis an iarrthóir/leis na hiarrthóirí le haghaidh agallamh gearr chun measúnú breise a dhéanamh ar a dtaithe, a scileanna agus a luachanna. Féadfaidh an Stiúrthóir an cúram sin a tharmligean freisin.

## D’fhostaíocht agus do shochair

---

Má thairgtear conradh fostaíochta, ní bheidh ETF faoi cheangal ach amháin nuair a bheidh an méid seo a leanas déanta ag an iarrthóir sula síneofar an conradh:

- ar choinníoll go gcomhlíonann sé nó sí na critéir incháilitheachta go léir. Ní mór dó nó di:
  - bunchóipeanna nó cóipeanna deimhnithe a bheith curtha ar fáil aige nó aici de gach doiciméad ábhartha, lena n-áirítear taifead coiriúil glan
  - dul faoi scrúdú dochtúra lena ndearbhaítear go gcomhlíonann sé nó sí an caighdeán corpacmhainneachta is gá chun na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh
- ETF a bheith curtha ar an eolas aige nó aici faoi aon choinbhleacht leasa atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann agus gur measadh nach bhfuil aon leas pearsanta aige ná aici a chuirfeadh as dá neamhspleáchas.

## Conradh fostaíochta

Tá conarthaí na ngníomhairí sealadacha i gcomhréir le hAirteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile (CEOS) an Aontais Eorpaigh. Faoin chineál conartha sin, tá an fostaí faoi cheangal CEOS agus na Rialacha Cur Chun Feidhme cuí.

Mairfidh an conradh ar feadh tréimhse trí bliana, agus féadfar é a athnuachan. Tá sé faoi réir tréimhse phromhaidh naoi mí.

## Íocaíocht

Is é an gnáthphá d'fhostaí aonair a bhfuil 3 bliana de thaithí ghairmiúil ábhartha acu ná thart ar EUR 4 250 glan sa mhí; nó d'fhostaí a bhfuil trí bliana de thaithí ghairmiúil ábhartha acu, atá i dteideal liúntas easaoránachta agus ag a bhfuil leanbh cleithiúnach amháin acu, thart ar EUR 6 220 glan sa mhí.

## Leanúnachas fostaíochta idir Gníomhaireachtaí an AE

Más rud é go bhfuil an t-iarrthóir ar éirigh leis nó léi faoi chonradh Gníomhaire Shealadaigh 2(f) faoi láthair agus go gcáilíonn sé nó sí d'aistriú faoi théarmaí CEOS, is féidir leis an bpost seo freastal ar leibhéal AD 5 - AD 6.

## Faisnéis bhreise

Tá ETF díograiseach i leith freastal ar riachtanais na n-iarratasóirí agus na n-iarrthóirí roghnaithe a bhféadfadh coigeartuithe réasúnta a bheith ag teastáil uathu. I gcás míchumais, ná bíodh drogall ort sinn a chur ar an eolas ag [recruitment@etf.europa.eu](mailto:recruitment@etf.europa.eu) agus a chur in iúl cé na socrúithe nó na coigeartuithe a bhaineann le do mhíchumas atá riachtanach, ionas gur féidir linn a chinntiú go mbeidh tú rannpháirteach go cothrom sa phróiseas roghnúcháin. Is féidir go n-iarrfaimid ort deimhniú nó nóta a chur ar fáil ón údarás inniúil (e.g. teastas leighis) ina ndeimhnítear go bhfuil tú faoi mhíchumas.

Ní thabharfar na doiciméid a chuirtear ar fáil le linn an nós imeachta ar ais d'iarrthóirí. Ina ionad sin, coinneofar ar comhad iad in ETF don tréimhse is gá le haghaidh an phróisis agus scríosfar ina dhiaidh sin iad.

Tá feidhm ag reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta agus rúndacht. Tá tuilleadh faisnéise le fáil sa Ráiteas príobháideachais ar shuíomh gréasáin ETF.

Iarratasóirí a mheasann go ndearnadh dochar dá leasanna le cinneadh a bhaineann leis an nós imeachta roghnúcháin, féadfaidh siad gearán a dhéanamh trí na treoracha (i mBéarla) atá ar fáil ar láithreán gréasáin ETF a leanúint.

NÓTAÍ: Má tá neamhréireachtaí ann idir na leaganacha teangeolaíoch difriúla, ba cheart glacadh leis gurb é an leagan Béarla an leagan ceart.